

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaó comhdhála.

Cruinniú: 4:30 i.n., an 23 Feabhra 2021

I láthair: An Cathaoirleach, Daneve Harris, an Clr. Kazi Ahmed, an Clr. Yvonne Collins, Claire Markey, an Clr. Brigid Manton, Paul McNally, an Clr. Joe Newman, an Clr. John Walsh, Brendan O'Halloran, an Clr. Cathal Boland, Gerry McGuire, Colm Kilgallon an Clr. Michael Clark, an Clr. Una Power, Ken Farrell, an Clr. Peter Kavanagh, an Clr. Pamela Conroy.

Leithscéalta: Anne Genockey, an Clr. Pamela Kearns

I láthair: Caitríona Murphy, POF; Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna, Trevor Moore, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Shay Heneghan Seirbhísí Síceolaíochta, Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta na Foirne Bainistíochta Sinsearaí.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

1. Leithscéalta agus Córam
2. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl
3. Loga Gníomhartha
4. Miontuairiscí an Chruinnithe Dheireanaigh
5. Coistí agus Tuairisciú
6. Plean Seirbhíse 2021
7. Comhfhreagras ón Roinn
8. Féinmheasúnú Éifeachtachta Boird
9. Athbhreithniú Chomhaltaí Boird Bainistíochta
10. Aon ghnó eile
11. An chéad chruinniú eile: an 29 Márta 2021

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, Daneve Harris, fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú.

Comhbhrón

Rinneadh vótaí comhbhróin leis na daoine seo a leanas:

Pat Stevenson, an Cheannoifig, ar bhás a dearthár, Christy.

Catherine Bruen, Coiste Airgeadais, ar bhás a fir chéile, Frank. Bhí nóiméad ciúnais ann.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

1. Tugadh na leithscéalta faoi deara

2. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

3. Faomhadh na Miontuairiscí Deireanacha

Thug comhaltaí coigeartú ar Thuarascáil Airgeadais mhí Eanáir ar aird. Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl ar an 18 Eanáir 2021

Molta: Gerry McGuire Cuidithe: An Clr. Michael Clark

4. Coistí agus Tuairisciú

- a. Tá miontuairiscí Choistí an Bhoird le fáil mar fhaisnéis ar Boards SharePoint. b.
Tuarascálacha ón bhFeidhmeannas

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Eolas is Déanaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Dé Máirt an 23 Feabhra 2021

Táimid fós ag feidhmiú laistigh de shrianta Leibhéal 5 agus tá an chianfhoghlaím uile á déanamh ar líne go dtí seo. Tá an fhoireann uile ag obair ón mbaile ach amháin i gcás fíor-riachtanach. D'oibríomar go dlúth leis an Roinn i ndáil le hatosú ranganna oideachas speisialta ón 11 Feabhra 2021 agus i ndáil leis an athoscailt chéimnithe scoileanna i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2021, mar a fógraíodh le déanaí.

Is mian liom aitheantas agus buíochas a chur in iúl do na scoláirí ónár gcuid ionad agus scoileanna a rinne ionadaíocht ar BOOÁCDL sna meáin náisiúnta le roinnt seachtainí anuas, scoláirí ó CP Chaoimhín, CP Fhine Gall agus Ionad Oiliúna Tamhlachta.

Rolluithe Réamh-Mheasta Fadtéarmacha

Is mian liom iarraidh ón Roinn Oideachais a chur in iúl daoibh freisin, maidir le méadú a chur ar an rollú réamh-mheasta fadtéarmach i roinnt scoileanna atá faoi phátrúnacht BOOÁCDL. Tá teagmháil déanta againn le Príomhoidí ár gcuid scoileanna agus tá breac-chuntas ar an méid a theastaíonn, i dtéarmaí tacaíochtaí agus cóiríocht bhreise chun tacú leis an iarraidh, tugtha againn don Roinn. Tá am iarrtha againn freisin chun an Bord Bainistíochta agus an fhoireann a chur ar an eolas faoi phleananna don todhchaí ar an gcéad dul síos. Tá breithniú á dhéanamh ar iarraidh maidir le ceantar Leamhcáin freisin.

CFS	Scoil	RRMF Reatha	RRMF Beartaithe
An Ros agus Lusca	C.P. Lusca - UR: 76213T	1,000	1,300 + 2 RSO bhreise

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Baile Bhlaínséir	CC Éiru – UR: 76574F	1,000	Iontógáil iomlán 1ú Bliain 2021
Caisleán Cnucha	CC Chaisleán Cnucha - UR: 76062B CC Bhaile Lotrail - UR: 76130P	1,000 1,000	1,500 + 2 RSO bhreise 1,200 + 2 RSO bhreise
An Caisleán Nua/Ráth Cúil	CPI Fóla – UR: 76594L	1,000	Iontógáil iomlán 1ú Bliain 2021
Baile Brigín	CP Bhaile Brigín - UR: 70010V	1,000	Iontógáil iomlán 1ú Bliain 2021
Sord	CP Shoirde - UR: 76475D CP Naomh Fhionáin - UR: 70120F	1,000 1,000	Méadú chuig 1,200 scoláire Iontógáil iomlán 1ú bliain 2021

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Cuirtear cuid thábhachtach i ndáil leis an bPlean Seirbhíse faoi do bhráid inniu lena glacadh agus is mian liom buíochas a ghabháil don Fheidhmeannas agus don Choiste Airgeadais as a gcuid oibre air seo. Tabharfaidh Debbie an scéal is déanaí daoibh maidir leis na Tuarascálacha Airgeadais agus Foirgneamh ar ball, ach is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair na foirne TFE uile. Tréimhse thar a bheith gnóthach don eagraíocht a bhí ann le cúpla seachtain anuas agus a bheidh ann go ceann cúpla seachtain eile i ndáil leis na gealltanais rialachais a dtugtar breac-chuntas orthu san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna. Tá obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste A&R rithábhachtach faoi láthair chun ár n-oibleagáidí dhlíthiúla a chomhlíonadh. Tá an-chuid iarrataí breise againn ón Roinn agus ón ARCC i ndáil le cuntais 2019 agus i ndáil leis na pleananna reatha le haghaidh iniúchadh 2020. Tá tús á chur lena gcuid oibre le haghaidh 2021 ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí freisin.

Stiúrthóirí Scoileanna

Oiliúint don Bhord Bainistíochta

Tá Céim 1 den oiliúint don Bhord Bainistíochta tugtha chun críche anois. Cuireadh oiliúint ar os cionn 300 comhalta boird sna réimsí Bunscoile, Iar-bhunscoile agus Breisoideachais agus Oiliúna thar thréimhse ceithre seachtaine. Comhordóidh agus éascóidh an Stiúrthóir Scoileanna Céim 2 agus Céim 3, lena ndíreofar ar Ról an Chathaoirligh, Ról an Rúnaí, Clár Oibre an Bhoird Bainistíochta, Rollú, Maoirseacht Airgeadais, Tuarascáil um Maoirseacht ar Chosaint Leanaí, Bainistiú Cigireachtaí agus ról an Bhoird i ndáil le maoirseacht ar bheartais éigeantacha.

Scoileanna

Athosclaíodh scoileanna speisialta Dé hAoine an 11-02-21 ag 50% dá n-acmhainn agus athosclaíodh ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ag 100% dá n-acmhainn Dé Luain 22/02/21. Táthar ag leanúint den teagasc forlíontach i dteannta na cianfhoghlama do dhaltáí a bhfuil RSO acu i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Táthar ag leanúint den teagasc agus foghlaim ar bhonn cianda i ngach scoil ina bhfuil pobal forbartha cleachtais agus comhéascú ceannairí scoileanna digiteacha le haghaidh oiliúint inmheánach le Ceannaire Foghlama Digití BOOÁCDL. Tá forbairt ar bun ar chreat curaclaim nua an CNCM le haghaidh Aonad Coinneála agus Cúraim, agus tá na hathruithe ar an gcuraclam á gcur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ag dhá ceann dár gcuid scoileanna i ndiaidh comhairliúcháin le coiste stiúrtha curaclaim an CNCM, oifigeach an CNCM agus Príomhoidí na n-aonad cúraim.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@boacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Tá cruinnithe ócáideacha le Príomhoidí agus le Leas-Phríomhoidí fós á n-éascú ag Stiúrthóirí scoileanna.

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

Athoscailt chéimnithe

Chomhaontaigh SOLAS go bhféadfaidh roinnt ranganna Printíseachta rithabhachtacha agus am-íogaire filleadh ar Ionaid Oiliúna amhail an

1 Márta 2021. Tá an plan seo bunaithe ar dhaoine a bheith ag cloí go hiomlán leis na treoirlínte agus rialacháin reatha maidir le sláinte

agus sábháilteachta. Ciallaíonn sin go bhfillfidh Printísigh i mBaile Dúill (*ceann amháin Leictreach, ceann amháin Ionstraimíocht Leictreach agus ceann amháin Mótar*),

i dTamhlacht (*Siúinéireacht*) agus i mBaile Uí Lachnáin (*Leictreach*) ar a gcuid oiliúna ón 1 Márta 2021,

Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh

Tá sin sainaitheanta ag SOLAS mar chlár tosaíochta arís do 2021. Tionóladh cruinniú le SOLAS le déanaí chun feidhmíocht láidir in 2020 a phlé. Tháinig ardú 45% ar líon na bhfoghlaimoirí fostaithe a bhí rannpháirteach i gcúrsaí uasghrádú scileanna ar Leibhéal 5 agus ar Leibhéal 6. B'ionann sin agus ardú ó 794 in 2019 go dtí 1194 in 2020. Tá planáil le haghaidh fás breise ar bun de réir réamh-mheastacháin le haghaidh 2021. Bhí tionchar dearfach ag an bhfoghlaim ar líne ar rannpháirtíocht foghlaimoirí fostaithe.

Comhaontaíodh Treoirlínte Teagmhasacha d'fhoghlaimoirí a chailleadh socrúchán oibre le DCCÉ agus leathadh amach seisiúin faisnéisithe do gach ionad. Bunaíodh pobail chleachtais do mhúinteoirí ábhar chun dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le measúnú a dhéanamh ar scileanna cleachtais a bhaineann go sonrach le gairmeacha i gcomhthéacs srianta COVID-19.

Rinne an tAonad um Dhearbhú Cáilíochta athbhreithniú ar gach scrúdú a thiontú ina thasc malartach lena chinntiú go gcoinneofar caighdeán mheasúnaithe ar bun sa chás nach bhféadfaidh foghlaimoirí a scrúduithe a dhéanamh sna hionaid. Cuirfear 20% de na measúnuithe leasaithe uile ar aghaidh chuig Coiste Cláir BOO lena bhfaomhadh, chun maoirseacht ar rialachas ar leibhéal BOO a chinntiú.

Cur i láthair - Shay Heneghan ón tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (PSS)

Gabhaim buíochas ó chroí le Shay agus lena fhoireann as an obair a dhéanann siad, go háirithe i ndáil leis na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil i rith na dtréimhsí dianghlása éagsúla le 12 mhí anuas.

Rinne Shay Heneghan cur i láthair don bhord faoin obair atá á dhéanamh ag an tSeirbhís Síceolaíochta agus faoi na tacaíochtaí ar líne atá ar fáil.

Comhairle Dlí

Tá an chomhairle dlí curtha ar fáil againn daoibh arís, in éineacht le roinnt faisnéise breise ó BOOÉ agus nóta chun roinnt den doiciméadacht a shoiléiriú agus a shimpliú. Mar seo a leanas;

Bunaíodh foghrúpa de Phríomhfheidhmeannaigh agus BOOÉ chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Meitheal um Chomhairle Dlí agus chun freagairt dó.

I measc na n-ábhar a comhaontaíodh bhí;

- an Beartas iontrála (is cinneadh an POF é, mar phátrún)

- Ní gá do phátrún beartais eile an Bhoird Bainistíochta a fhaomhadh (cinneadh an Bhoird Bainistíochta le nótaíl don POF)
- Miontuairiscí cruinnithe an Bhoird Bainistíochta (déanann an POF nóta de na miontuairiscí agus ní gá iad a thabhairt chuig an mBord)
- Foirgneamh na scoile a úsáid i ndiaidh uaireanta scoile (le rialú le ceadúnas nó ráiteas sainráite ón POF chuig an mBord Bainistíochta chun úsáid foirgneamh a rialú). Féadfaidh an Grúpa Comhlíontachta faoi TFE an ceadúnas a eisiúint mar chomhairle do BOOnna.

Tá an Lámhleabhar maidir le Boird Bhainistíochta á thabhairt cothrom le dáta ionas go bhféadtar aon nithe atá ag teacht salach ar a chéile sa chomhairle a bhaint amach. Déanfar an lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta agus tionólfar an oiliúint do BOOnna chomh luath agus is féidir. Tá na Lámhleabhar le faomhadh ag an Aire. Tá ailíniú an Chóid Rialachais leis an gcomhairle dlí le déanamh ag an nGrúpa Athbhreithnithe a phléann leis an gCód agus leis an Rannóg Riaracháin Bunscoileanna. Tá ionadaíocht ar BOOÁCDL sa ghrúpa sin.

Phléigh an grúpa na cruinnithe BOO freisin. Rinneadh athbhreithniú gairid ar an sceideal ábhar. Tugadh ar aird go bhfuil cur chuige difriúil ag Boird ar chlár oibre a leagan amach ach tá míreanna ar chlár oibre nach mór gníomhú ina leith, mar shampla;

- Miontuairiscí an chruinnithe deiridh le glacadh.
- Is mar fhaisnéis iad tuarascálacha feidhmiúcháin (tuarascálacha foirgneamh, airgeadais agus stiúthóirí).
- Miontuairiscí an Bhoird Bainistíochta - tá rogha ann i.e. mar fhaisnéis nó iad a fhágáil leis an POF lena dtabhairt ar aird.
- Tuarascálacha Coiste - Tuarascálacha Iniúchta & Riosca agus Tuarascálacha Airgeadais - tuairisc a thabhairt orthu nó iad a thabhairt ar aird (de réir an Chóid Rialachais) ach tagann salach ar alt 44(18) den Acht ina sloinntear *faoi réir deimhnithe*.

Airgeadas i.e. AFS agus Plean Seirbhíse Bliantúil - le glacadh i gcomhréir leis an Acht.

Féadfar coistí a bhunú i gcomhréir le riachtanais BOO a bhaineann le feidhmeanna fhorchoimeádta an bhoird. Éilítear faoi Alt 15(4) go mbeidh an feidhmeannas cuntasach don Bhord maidir le feidhmiú cuí a bhfeidhmeanna feidhmiúcháin agus féadfaidh coistí fónamh chun an ról sin a fheidhmiú don Bhord agus dá bhrí sin ba cheart glacadh leo i gcás go mbunaítear coistí den sórt sin.

1.1.1. Tuarascáil Airgeadais

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE					
TUARASCÁIL AIRGEADAIS					
AN BHLIAIN GO DÁTA MÍ NA NOLLAG 2020					
Clár	Airgid Deontais Tosaigh Iarmhéid	Fáltais	Íocaíochtaí	Airgid Deontais Deiridh Iarmhéid	
	An 1 Eanáir 2020			31 Nollaig 2020	
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	(182,916)	(113,225,553)	110,753,569	(2,654,901)	
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	923,419	(11,812,357)	8,526,562	(2,362,375)	
AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(3,322,194)	(4,976,774)	3,496,683	(4,802,285)	
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(503,990)	(1,683,265)	1,417,454	(769,801)	
CAIPITEAL IOMLÁN	(3,367,098)	(13,069,792)	10,565,402	(5,871,488)	
IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)	-	-	(171,666)	
AN tIOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(3,371,387)	(36,116,176)	35,709,186	(3,778,377)	
IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(2,339,763)	(38,050,135)	31,386,249	(9,003,649)	
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,234,975)	(10,771,104)	10,699,214	(1,306,865)	
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(561,423)	(3,294,943)	3,356,357	(500,009)	
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE	(6,325,717)	(4,309,885)	3,854,452	(6,781,149)	
Iarmhéid Bainc	(20,457,712)	(237,309,984)	219,765,331	(38,002,565)	
Achoimre C - Dílteanais Phá					
Achoimre B - Dílteanais Neamhphá					
Achoimre D - Féichiúnaithe					
Ús Bainc					
Brabús agus Caillteanas					
MÓRIOMLÁN	-	-	-	-	

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@boacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

	Bhí iarmhéid thart ar €38m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL amhail ag deireadh mhí na Nollag 2020				
	Tá na deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna go dtí seo chun caiteachas a le deontais aleis an bPríomhscéim i bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na bhaineann mBunscoileanna, Deontais Scéime sin san áireamh				
	deontais nach mbaineann leis an bPríomhscéim agus deontais Chaipitil sa tábla thuas.				
		Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh
Bainteach le PS	Deontas COVID19	0	148	37,593.33	37,741
Bainteach le PS	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID19	0	(78,109)	68,869.93	(9,239)
Bainteach le PS	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	0	(206,958)	216,691.29	9,733
Bainteach le PS	DEONTAS LE HAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	0	(657,615)	378,713.87	(278,901)
Bainteach le PS	DEONTAS LE HAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	0	(761,926)	595,108.65	(166,818)
Bunscoil	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID 19	0	(10,032)	6,422.00	(3,610)
Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID 19	0	(81,068)	27,206.75	(53,861)
Bunscoil	DEONTAS LE HAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	0	(130,754)	70,386.89	(60,367)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	0	(2,306,096)	943,535.92	(1,362,560)
BOaO	Forchostais COVID19	0	(594,733)	393,336.40	(201,397)

1.1.2. Tuarascáil Caipitil agus Foirgneamh

DDLETB Meeting February 2021 --Capital & Building Programme Report

Major Capital Projects 2021

CAPITAL PROJECTS CONTINUED

Name & Address Of Project	Area	Project Status/Update
Balbriggan Community College, Pine Ridge, Chapel Street, Balbriggan	North County Dublin Fingal County Council Area	Construction of new School, Stage 2B being prepared for the Department of Education.
St Finian's Community College, Castle farm, Swords	North County Dublin Fingal County Council Area	Construction of Extension, 13 General Classroom's & Specialist Rooms. DDLTEB working with the DOE on a revised Scope.
Ardgillan Community College, Castle land, Balbriggan, Co. Dublin	North County Dublin Fingal County Council Area	Remedial/Refurbishment of certain designated areas. Planning Permission is now lodged. Awaiting clarification with regards to tender of works
Lucan Community College, Esker Drive, Lucan	South West Dublin South Dublin County Council	Extension & Refurbishment. Stage 2B report has gone to the Department of education. Pre-Qualification of Contractors ongoing by Design Team
Colaiste Chillian, 96-116 Old Nangor road, Clondalkin, Dublin 22	South West Dublin South Dublin County Council	Pre-Qualification of Contractors complete awaiting further instruction from the DOE
Benicasa Special School, 1 Mount Merrion Avenue, Blackrock, Co. Dublin	South East Dublin Dunlaoghaire/Rathdown County Council	Refurbishment of existing Building. At stage 2B with the DOE. Fees agreed with DOE
St Kevin's Community College, Font Hill Road, Clondalkin, Dublin 22	South Dublin County Council Area	SEN 2 Classrooms. Awaiting Stage 1 approval from DOE
Danu Community Special School, Barnwell Road, Hansfield, Dublin	West County Dublin Fingal County Council Area	Refurbishment of Classrooms. Design Team Tenders and Cost Plan approved by DOE. DT appointment letters issued
GS Reachrann, Grange Abbey Road, Dublin 13	North Co. Dublin	At Stage 2b, currently awaiting decision from DOE, approval to

		Proceed with pre-qualification of contractors.
Skerries Community College, Balbriggan St, Town parks, Skerries, Co. Dublin.	North Co Dublin. Fingal County Council Area.	Approval granted by DOE for new extension. Confirmation given that the SLA will be signed, the project is to proceed to next phase.
Mount Seskin Community College, Jobs town, Tallaght, Dublin 24.	South Co Dublin South Dublin County Council	Budget Approved for new SNU. Design team being approved.
Collinstown Park SEN, Rowlagh, Clondakin, Dublin 22.	South Co Dublin South Dublin County Council.	Design Team Appointed. Stage 1 report approved by DOE. DT preparing planning documents.
Summer Work's Programme 2020.		All Tenders Back, and Approval Received from the DOE for most projects.
TEMPORARY ACCOMADATION PROJECTS 2020		
Name & Address of Project.	Area.	Project status/Update.
Fingal TA Sea town Rd, Town parks, Swords, Co. Dublin.	North Co Dublin Fingal County Council Area.	Ongoing discussions between the DOE, Fingal County Council and the DDLETB.

Eolas is Déanaí faoi Réadmhaoine :

Léasanna/Ceadúnais Léasanna

- Aonad Satailíte Ionad Oiliúna Bhaile Dúill** – tá an léas don ionad seo imithe in éag ó bhí Aibreán 2020 ann. Táimid tar éis an léas athnuachana a thabhairt dár ndlíodóirí lena athbheithniú.
- Teach Burgandy, Sord** - Léas nua 9 mbliana tugtha chun críche agus sínithe i mí Feabhra 2021.
- Lár Bhaile Dhún Droma**: Ionad Oiliúna Breisoideachais agus Oiliúna. Táthar ag obair an léas a athnuachan lenár ndlíodóir faoi láthair.

Ceadúnais

- Coláiste Pobail Leamhcáin** – eisíodh ceadúnas 2 bhliain in Eanáir 2020 le go bhféadfadh club peile Arthur Griffith Park leas a bhaint as páirc pheile na scoile.
- Scoil Náisiúnta Inis Pádraig** – chuaigh an ceadúnas in éag i nDeireadh Fómhair 2020. Tá ceadúnas á dhréachtú a thabharfaidh cead don scoil ár bhfoirgneamh a áitiú sna cúig bliana atá romhainn amach. Tá cúram á dhéanamh de seo ag ár ndlíodóir faoi láthair.
- Scoil Náisiúnta Phobail, Scoil Aoife** – ceadúnas á dhréachtú a thabharfaidh cead don naíscoil Care & Cuddles leas a bhaint as limistéar sa scoil. Tá cúram á dhéanamh de seo ag ár ndlíodóir faoi láthair.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

- **Iar-Choláiste Sinsearach Dhún Laoghaire (Eblana)** – á úsáid go sealadach faoi láthair ag an Roinn Oideachais & Scileanna chun áitreabh a thabhairt do Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Dhún Laoghaire. An fáth leis sin ná go bhfuil oibreacha leasúcháin ar siúl ina scoil féin – tá an ceadúnas dréachtaithe agus é fós le síniú.
- **Campas Citywest** – á úsáid go sealadach faoi láthair ag an Roinn Oideachais & Scileanna chun áitreabh a sholáthar do scoileanna a bhfuil oibreacha leasúcháin tar éis dul i gcion orthu – Ceadúnas dréachtaithe agus le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais & Scileanna lena bhreithniú.

Nótáladh sonraí nuashonraithe maidir le próifílí na mball foirne

1. Ceapacháin & Arduithe Céime
2. Daoine ag éirí as
3. Daoine ag dul ar scor

5. Loga Gníomhartha

Phléigh an Cathaoirleach, Daneve Harris Loga Gníomhartha a thabhairt isteach le haghaidh cruinnithe boird. Chomhaontaigh na comhaltaí boird go mbeadh sin áisiúil. Chomhaontaigh comhaltaí go leanfaí de shealaíocht a dhéanamh ar phost an Chathaoirligh.

6. Plean Seirbhíse 2021

Chuir Gerry McGuire mar Chathaoirleach an Choiste Airgeadais, an Plean Seirbhíse Bliantúil 2021 i láthair don bhord.

Molta: Gerry McGuire

Cuidithe: Ken Farrell

7. Comhfhreagras ó Ranna Rialtais Tugtha ar aird

- a. Ciorclán Roinne
- b. Litir Chinnidh maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2021.

8. Féinmheasúnú Éifeachtachta Boird

9. Athbhreithniú Chomhaltaí Boird Bainistíochta

Scoil Ghráinne: Ceapadh Karen Donnelly chuig an mbord bainistíochta

Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: An Clr. Peter Kavanagh

PSN an Mhóinéir Leathain: Ceapadh an Clr. Brigid Manton chuig an mbord bainistíochta

Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: Gerry McGuire

Coláiste Pobail Folá: Ceapadh Daneve Harris chuig an mbord bainistíochta

Molta: An Clr. Peter Kavanagh, Cuidithe: Gerry McGuire

Coláiste Pobail Fhine Gall: Ceapadh Gerry McGuire chuig an mbord bainistíochta

Molta: An Clr. Michael Clark, Cuidithe: An Clr. Peter Kavanagh

10. Aon Ghnó Eile

D'éirigh an Clr. Daniel Dunne as a phost ar bhord Choláiste Breisoideachais Dhún Droma

Mhol comhalta boird go mbeadh sé cúirtíseach ceisteanna a bheadh le cur san áireamh in Aon Ghnó Eile a sheoladh ar aghaidh cúpla lá roimh na gcruinnithe BOO.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@ddletb.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

11. An chéad chruinniú eile: an 29 Márta 2021